**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Buiséid*

**2022/2032(INI)**

23.6.2022

# TUAIRIM

ón gCoiste um Buiséid

chuig an gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach

maidir le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach in AE: an 8ú Tuarascáil faoin gComhtháthú
(2022/2032(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Karlo Ressler



Aontaithe san éagsúlacht

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Buiséid ar an gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. á chur i bhfáth go bhfuil ról tábhachtach ag an mbeartas comhtháthaithe i gcóineasú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a chothú ar fud an Aontais; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, áfach, go bhfuil neamhionannais leanúnacha, éagothromaíochtaí socheacnamaíocha agus meath míchothrom déimeagrafach ann, agus go bhfuil go leor réigiúin bheagfhorbartha fágtha i 'sáinn forbraíochta' tar éis phaindéim COVID-19; á chur in iúl go bhfuil sí suite de, áfach, nach féidir leis an mbeartas comhtháthaithe leanúint dá ról reatha mar veicteoir don infheistíocht agus do chruthú post trí chistiú láidir;

2. á mheabhrú nach mór don bheartas comhtháthaithe rannchuidiú le cur chun feidhme chuspóirí agus spriocanna beartais ginearálta AE, go háirithe Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, Comhaontú Pháras agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus nach mór dó prionsabail chothrománacha a chomhlíonadh amhail urraim do chearta bunúsacha, frith-idirdhealú agus an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh';

3. á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le beartas comhtháthaithe chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt don chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide, rud a dhéanann difear díréireach do réigiúin thearcfhorbartha, go príomha iad siúd atá lonnaithe i ndeisceart agus in oirthear na hEorpa, chomh maith le haistriú cothrom agus cóir, go háirithe maidir le bochtaineacht fuinnimh, comhionannas agus príomhshruthú inscne, fiontraíocht, fostaíocht, oideachas agus oiliúint, taighde, nuálaíocht agus forbairt bonneagair, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar an bhfadhb maidir le 'imirce daoine oilte';

4. á iarraidh go ndíreofar go sonrach ar an gcomhtháthú ar réigiúin nach bhfuil mórán fáis ag tarlú iontu agus ar na réigiúin is boichte, ag tógáil ar na ceachtanna a foghlaimíodh ón Tionscnamh um Ghabháil; á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le promhadh críochach agus measúnuithe tionchair i gcur chun feidhme an bheartais chomhtháthaithe, agus á chur in iúl go bhfuil sí ag tnúth le treoirlínte sonracha a fhoilsiú go luath ina leith sin;

5. á chur in iúl gur cúis bhuartha di tionchar na paindéime agus an chogaidh san Úcráin ar chur chun feidhme an bheartais chomhtháthaithe, ar staid shóisialta agus eacnamaíoch na mBallstát agus ag tabhairt dá haire go bhfuil sé soiléir ó pheirspictíochtaí forbartha gníomhaithe áitiúla agus réigiúnacha, go bhfuil tionchar díréireach ag plódú dídeanaithe na hÚcráine atá ann faoi láthair ar na Ballstáit chomharsanachta, rud a d'fhéadfadh éagothromaíochtaí socheacnamaíocha a ghéarú tuilleadh; á iarraidh ar an gCoimisiún go ndéanfar measúnú ar thionchar na paindéime agus an chogaidh san Úcráin ar chur chun feidhme tionscadal agus na coigeartuithe is gá a chur chun cinn chun cur chun feidhme iomlán a áirithiú, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh, i gcás inarb ábhartha, ar thréimhse sínithe chun na tionscadail a bhfuil tionchar orthu a chur chun feidhme;

6. á mheabhrú go bhfuil an beartas comhtháthaithe, ar beartas é a mbeidh buiséad de EUR 392 billiún idir 2021 agus 2027 aige, fós ina phríomhuirlis infheistíochta san Aontas agus ag tabhairt dá haire go bhfuil méadú mór tar éis teacht ar a sciar d'infheistíocht phoiblí sna Ballstáit thar an tréimhse 2014-2020, mar thoradh ar chrapadh infheistíochtaí poiblí náisiúnta mar gheall ar an ngéarchéim eacnamaíoch agus airgeadais, a rinne difear do na réigiúin is boichte ach go háirithe; á thabhairt chun suntais go bhfuil tábhacht ag baint le riail na breisíochta;

7. á chur i bhfáth, cé go bhféadfadh ról níos mó a bheith ag ionstraimí airgeadais maidir le hinfheistíochtaí ón earnáil phríobháideach a scaoileadh, gur cheart go mbeidís comhlántach le deontais dhíreacha agus le cabhair dhíreach; á chreidiúint gur cheart rochtain dhíreach ar chistí comhtháthaithe a thabhairt d'údaráis réigiúnacha agus áitiúla;

8. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil tábhacht ag baint le tionscadail agus infheistíochtaí trasteorann, agus ag tathant ar an gCoimisiún deiseanna cistiúcháin a fhorbairt chun gníomhaithe ó réigiúin éagsúla a thabhairt níos gaire dá chéile (trí Interreg);

9. á thabhairt chun suntais go bhféadfadh caiteachas an bheartais chomhtháthaithe, mar is amhlaidh i gcás chaiteachas eile uile AE, a bheith faoi réir gníomhaíochtaí neamhrialta a bhaineann le héilliú agus calaois; á iarraidh go ndéanfaí maoiniú agus soláthar foirne leordhóthanach do na gníomhaireachtaí agus do na comhlachtaí ábhartha, go háirithe Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise ionas gur féidir leo imscrúduithe a dhéanamh i gceart agus cistí mí-úsáidte a aisghabháil; á iarraidh ar an gCoimisiún go ndéanfar grinnmheasúnú chun cosc a chur ar aon mhí-úsáid ar chistí AE agus ar sháruithe ar an smacht reachta, agus comhlíonadh na Cairte um Chearta Bunúsacha a áirithiú sula bhformheasfaidh sé aon chomhaontuithe comhpháirtíochta agus aon chláir beartais chomhtháthaithe;

10. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil moill mhór ar chur chun feidhme an bheartais chomhtháthaithe le haghaidh na tréimhse 2021-2027. á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go dtabharfaidh na húdaráis náisiúnta aird chuí ar chomhtháthú críochach inmheánach agus tionscadail faoi na Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta á ndréachtú agus á gcur chun feidhme acu; ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dlús a chur le comhaontuithe comhpháirtíochta agus cláir oibríochtúla a ghlacadh; á chur i bhfáth go bhféadfadh tearc-chur i bhfeidhm faidréiseach na gcistí comhtháthaithe a bheith ina chúis le riaráiste neamhghnách in íocaíochtaí sa dara cuid den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) atá ann faoi láthair, rud a chuirfeadh brú sa bhreis ar íocaíochtaí agus ar an 'Reste à liquider' (RAL) le linn na caibidlíochta maidir le CAI tar éis 2027;

11. a mheabhrú, mar thoradh ar mhoill ar an gcur chun feidhme in 2021, nár gheall na Ballstáit EUR 46.4 billiún faoi Cheannteideal 2a de bhuiséad an Aontais; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún go ndéanfar measúnú ar an riosca a bhaineann le cistí nach bhfuil súite a ndóthain agus, i gcás inarb ábhartha, na coigeartuithe is gá a chur chun cinn chun cur chun feidhme iomlán chláir 2021-2027 a áirithiú; á iarraidh go mbeadh tuilleadh simplithe agus solúbthachta ann maidir le cistí AE a úsáid don tréimhse 2014-2020, go háirithe do thionscadail a bhfuil tionchar mór ag an gcogadh nó ag an bpaindéim orthu;

12. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil easpa cur chun feidhme dílis ar Phrionsabal na Comhpháirtíochta agus á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart údaráis áitiúla agus réigiúnacha agus geallsealbhóirí eile, lena n-áirítear eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus saoránaigh, a chur san áireamh ar bhealach níos fearr sna próisis chinnteoireachta agus chistiúcháin; á mheabhrú gur gá na hualaí riaracháin ar údaráis áitiúla agus réigiúnacha a laghdú a mhéid agus is féidir;

13. á chur in iúl gur oth léi go raibh an teorainn ama ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) ina spreagadh do na Ballstáit chun tosaíocht a thabhairt do chur chun feidhme na bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, agus á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhféadfadh sé sin difear a dhéanamh do luas chur chun feidhme an bheartais chomhtháthaithe; á thabhairt chun suntais gur gá comhlántachtaí agus sineirgí a áirithiú idir an beartas comhtháthaithe, STA, agus ionstraimí beartais eile, chun an tionchar is mó a áirithiú;

14. á chur i bhfios go láidir go bhfuil cúnamh teicniúil fós ríthábhachtach chun cistí comhtháthaithe a chur chun feidhme; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún go tacaíocht agus cabhair a thabhairt do na Ballstáit maidir le dlús a chur le hullmhú agus glacadh na gcomhaontuithe comhpháirtíochta agus na gclár oibríochtúil, go háirithe sna réigiúin chomharsanachta san Úcráin, a láithreacht ar an láthair a mhéadú agus tús áite a thabhairt do chúnamh teicniúil i gcásanna ina bhfuil moill ar chur chun feidhme tionscadal;

15. á chur in iúl gur geal léi gur tugadh an tsolúbthacht isteach leis na tograí de chuid na Gníomhaíochta Comhtháthaithe do Dhídeanaithe san Eoraip (CARE) chun cabhrú leis na Ballstáit dul i ngleic le tionchar an chogaidh san Úcráin, ag cloí le múnla na dTionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an gCoróinvíreas, CRII agus CRII+; á chur i bhfios go láidir, áfach, nach mór do chistiú an bheartais chomhtháthaithe freastal ar a phríomhchuspóirí fadtéarmacha maidir leis an mbeartas agus nach mbeadh sé ina fhoinse maoinithe chun easnaimh sa tsolúbthacht bhuiséadach nó sna sásraí freagartha ar ghéarchéimeanna laistigh de CAI a réiteach;

16. á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún a áirithiú, ar bhonn práinne, go mbeidh cistiú leordhóthanach i bhfeidhm agus go gcuirfear cúnamh ar fáil do na húdaráis fhreagracha agus d’eagraíochtaí neamhrialtasacha a bhíonn ag déileáil le dídeanaithe ón Úcráin i mBallstáit AE, agus béim ar leith á leagan ar na Ballstáit atá ag glacadh leis an gcuid is mó de shreabhadh na ndídeanaithe; á thabhairt chun suntais gur cheart ráta cómhaoinithe 100 % a chur i bhfeidhm i gcónaí chun tacaíocht a thabhairt do na heintitis agus teaghlaigh óstacha, chun an t-ualach ar na teaghlaigh a bhfuil na dídeanaithe á n-óstáil acu a laghdú;

17. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil raon feidhme méadaithe i dtogra REPowerEU ón gCoimisiún maidir le leithdháiltí buiséadacha a aistriú chuig an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ón mbeartas comhtháthaithe; á chur i bhfios go láidir go ndéanfar os cionn EUR 100 billiún d’acmhainní an bheartais chomhtháthaithe a infheistiú san aistriú fuinnimh, sa dícharbónú agus san fhuinneamh in-athnuaite faoi 2030; á iarraidh, dá bhrí sin, go gcuirfí dlús le cur chun feidhme an bheartais chomhtháthaithe.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 21.6.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 24<br>–: 3<br>0: 3 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Pietro Bartolo, Olivier Chastel, Andor Deli, José Manuel Fernandes, Eider Gardiazabal Rubial, Alexandra Geese, Vlad Gheorghe, Valérie Hayer, Niclas Herbst, Joachim Kuhs, Zbigniew Kuźmiuk, Pierre Larrouturou, Margarida Marques, Siegfried Mureşan, Victor Negrescu, Bogdan Rzońca, Nils Torvalds, Nils Ušakovs, Johan Van Overtveldt, Rainer Wieland |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Anna-Michelle Asimakopoulou, Rosa D’Amato, Jonás Fernández, Fabienne Keller, Petri Sarvamaa |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Asim Ademov, Sunčana Glavak, Gilles Lebreton, Christian Sagartz, Marc Tarabella |

## TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 24 | + |
|---|---|
| PPE | Asim Ademov, Anna-Michelle Asimakopoulou, José Manuel Fernandes, Sunčana Glavak, Niclas Herbst, Siegfried Mureşan, Christian Sagartz, Petri Sarvamaa, Rainer Wieland |
| RENEW | Olivier Chastel, Vlad Gheorghe, Valérie Hayer, Fabienne Keller, Nils Torvalds |
| S&D | Pietro Bartolo, Jonás Fernández, Eider Gardiazabal Rubial, Pierre Larrouturou, Margarida Marques, Victor Negrescu, Marc Tarabella, Nils Ušakovs |
| VERTS/ALE | Rosa D'Amato, Alexandra Geese |

| 3 | - |
|---|---|
| ID | Joachim Kuhs, Gilles Lebreton |
| NI | Andor Deli |

| 3 | 0 |
|---|---|
| ECR | Zbigniew Kuźmiuk, Bogdan Rzońca, Johan Van Overtveldt |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh